

# Oíche Shamhna

Ó tosaíodh ar chuntas a choimeád ar an stair in Éirinn, breathnaítear ar **Oíche Shamhna** (an oíche roimh Fhéile na Marbh) mar thráth suntasach san fhéilire.

Is cosúil gur coincheap seanbhunaithe san Eoraip é, dhá chuid a bheith sa bhliain – **ó Bhealtaine go Samhain, agus ó Shamhain go Bealtaine**. Nuair a roinneadh an dá leath sin – ‘**an samhradh**’ agus ‘**an geimhreadh**’ – arís, tháinig ann do cheithre ráithe na bliana: **Imbolc** (1 Feabhra), tús an earraigh, **Bealtaine** (1 Bealtaine), tús an tsamhraidh, **Lughnasadh** (1 Lúnasa) agus **Samhain** (1 Samhain), tús an gheimhridh, nuair a thugtaí an t-eallach anuas ón mbuaile, nuair a d’íoctaí cíos agus cáin, agus nuair a théadh daoine i mbun a gcuid gnó. Um Shamhain a bhíodh cuid de na haontaí ba mhó in Éirinn ann, rud a léiríonn go soiléir an tábhacht tráchtála a bhain léi.

Is leis **an tSamhain** go fáthchiallach a chuirtear clabhsúr le séasúr an tsolais agus tús le séasúr an dorchadais, agus bhreathnaítí uirthi mar thréimhse thairseachúil dá réir, tráth a d'fhéadfaí dul ón saol eile go dtí an saol seo. Mar sin creideadh go dtugadh **neacha osnádúrtha** éagsúla agus na **mairbh** cuairt ar na **beo**, agus go bhféadfadh daoine beo dul anonn chuig '**an saol úd eile.**'


*Sula dtéadh an teaghlach a luí aríst chuireadh siad síos tine bhréa mhór, scuabtaí an t-urlár go maith is d'fhágtáí na cathaoireacha agus na stólta thart fán teallach nó bhí sé creidte ag an Ghael go bhfuigheadh na mairbh cead fáil ar ais an oíche sin ([An Coimín, Dún na nGall](#))*




Tráth dá raibh bhí scéalta agus finscéalta faoi na mairbh a d'fhill, agus neacha osnádúrtha a bheith á mbrú féin isteach sa saol seo an-líonmhar. Ina leabhar *Irish Folk Lore* (1870), dúirt an t-údar 'Lageniensis':

*'It is considered that, on All Hallows' Eve, hobgoblins, evil spirits, and fairies, hold high revel, and that they are travelling abroad in great numbers.*

The dark and sullen **Phooka** [Púca] is then particularly mischievousness and many mortals are abducted to fairy land. Those persons taken away to the raths are often seen at this time by their living friends, and usually accompanying a fairy cavalcade.'



Hallowe'en Guisers  
(C. O. Danachar 1947)



Is i leath thoir na tíre go traidisiúnta a ghléasadh daoine i bhfeisteas arrachtach chun cuairt a thabhairt ar thithe na gcomharsan agus mionbhronntanais a lorg – torthaí, milseáin agus airgead.

Gnás beo beathach i gcónaí is ea dul amach Oíche Shamhna faoi **bhréagriocht** agus tá beocht as an nua curtha ann ag na scannáin uafáis Mheiriceánacha.

Is ar thóir '**bob nó bia**' a bhíonn leanaí Éireannacha na laethanta seo, ach is é '**help the Hallowe'en party**' an achainí ba mhó a bhíodh acu, tráth.





Thaithníodh le daoine óga um an dtaca tábhachtach seo **fáistine a dhéanamh** ar bhealaí éagsúla: an **saibhreas nó daibhreas** a bhí i ndán dóibh, an fada go bpósfaidís, agus mar sin de.

*Gheibheann siad trí miasa - bíonn uisce i gceann acu, cré i ceann acu agus fáinne insan gceann eile. Cuirtear púcóg ar gach páiste i ndiaidh a chéile. Má chuireann sí a lámh insan uisce deirtear go racadh sí thar saíle. Má chuireann sí a lámh insan gcré deirtear go bhfuighidh sí bás agus má chuireann sí a lámh san bhfáinne deirtear go bpósfar í sar i bhfad ([Cill Chruáin, Gaillimh](#))*



Tá dlúthbhaint ag fáistine a dhéanamh, is é sin féachaint leis an am atá le teacht a thuar, leis an tSamhain.

Aimsir spraoi agus féasta is ea an tSamhain i dtraidisiún na ndaoine. Ba cheart do phobal na tuaithe tascanna áirithe a bheith curtha i gcrích acu faoin tráth seo: an t-eallach a chur isteach, táirgí a bhaint agus a chnuasach, torthaí a phiocadh agus a leasú, etc.

Ba gheall le buaic an tséasúir é, fleá a chaitheamh nuair a d'ití torthaí agus bia blasta. Ar na cineálacha beatha a bhí i gceist, bhí cáil ceannann ('steaimpí' nó 'peaindí'), cáca milis, torthaí agus cnónna.

D'imríodh daoine cluichí éagsúla – dul ag tumadh i dtobán uisce ar thóir bonn airgid, snapadh a bhaint as úll agus saghasanna eile siamsaíochta.



Ag baint snapadh as úll, cuid de shiamsa ilchineálach na Samhna.

Cuirtí dromhlach mór uisce ar an úrlár, agus cuirtí cúig nó sé d'úllaibh glasa isteach ann. An té a thógfadh aníos ina bhéal iad as an uisce gheobhadh sé iad ... Cuirtí úll ag crochadh anuas ós na frathacha le coirdín, agus chaithfeá leathchéad cúrsa a thabhairt timpeall na cistean sara bhfaighfeá tabhairt fén úll. Bhíodh tobán uisce thíos fé agus thitfeá síos ann go minic, mar bheadh mearthall id cheann tar éis cúrsa na cistean a thabhairt ([Baile an Fheirtéaraigh, Ciarraí](#))

Bíonn bairín breac le n-ithe acu an oíche sin. Bíonn fáinne, agus cipín, agus píosa éadaigh insan bhairín bhreac. An duine a gheibheann an fáinne deirtear gurb é sin an duine is luaithe sa tigh a pósfar, agus an duine a gheibheann an cipín deirtear gurb é sin an duine is luaithe sa tigh a gheobhaidh bás, agus an duine a gheibheann an píosa éadaigh, más buachaill é deirtear go bpósfaidh sé bean fuála, agus más cailín í deirtear go bpósfaidh sí táilliúir ([An Eaglais, Port Láirge](#))



# SCÉALTA EILE AR



(NAISC INCHLICEÁILTE)

**Anocht Oíche Shamhna** ([Rann ó Bhaile Mhac Airt, Port Láirge](#))

**Pisreoga ag Baint le Samhain** ([Rúscaigh, An Cnoc, Maigh Eo](#))

**Oíche Shamhna** ([Gort an Choirce, Dún na nGall](#))

**Na Nósa agus na Béasa a Bhíonn ag na Daoine Oíche**

**Shamhna** ([An tOileán Iarthach, Gaillimh](#))

**Cluichí Oíche Shamhna** ([Gleann na gCoileach, Ciarraí](#))

**Sióga Oíche Shamhna** ([An Bán Mór, Gaillimh](#))